Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland



# Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta

## 2023–2027





## Contae na Gaillimhe

**Pictiúir Clúdaigh (C go D):**
Cruinniú na nÓg Tuam, Grianghraf: Aengus McMahon, Wandering Kite Festival, Oughterard. Grianghraf: Aengus McMahon.

# Na Caibidlí


| | | |
|---|---|---|
| | **Réamhrá ón gCathaoirleach agus/nó ón bPríomhfheidhmeannach** | 02 |
| 01 | **Éire Ildánach 2023–2027** | 04 |
| 02 | **Cultúr agus Cruthaitheacht i gContae na Gaillimhe** | 06 |
| 03 | **Fís Éire Ildánach do Chontae na Gaillimhe** | 12 |
| 04 | **An Chaoi a nOibríonn Clár Éire Ildánach** Ár bPrionsabail agus ár Luachanna | 13 |
| 05 | **Na Tosaíochtaí Straitéiseacha do Chontae na Gaillimhe** | 14 |
| 06 | **Cur i bhfeidhm ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Chontae na Gaillimhe** | 18 |
| | **Léarscáil de Chontae na Gaillimhe** | 19 |


Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# Réamhrá

**Réamhrá ón gCathaoirleach**
Cuirim fáilte ó chroí roimh fhoilsiú Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Chomhairle Contae na Gaillimhe 2023-2027 a thógann ar mhór-thiomantas ár bhFoirne Cultúir agus Cruthaitheachta chun tacú leis an gcruthaitheacht inár gcontae.

Le cúig bliana anuas tá glactha go fonnmhar againn le Clár Éire Ildánach agus tá spreagadh faighte againn ón bhfreagairt agus ón rannpháirtíocht atá feicthe againn inár bpobail agus ag ealaíontóirí agus daoine cruthaitheacha i mbailte agus i sráidbhailte ar fud an chontae. Bhí ár dtosaíochtaí straitéiseacha le cúig bliana anuas ina dtreoir chun tacú lenár luachanna de chomhoibriú, de rannpháirtíocht, d'uileghabhálacht agus de chumhachtú chun fís a bhaint amach go mbeidh deis ag gach duine inár gcontae a n-acmhainneacht chruthaitheach a bhaint amach.

Faoi Phlean Straitéiseach Éire Ildánach Chontae na Gaillimhe 2018-2022, chomhoibrigh rannóga na hOifige Ealaíon, na Cartlainne, Caomhnú Ailtireachta, Pobail, Oidhreachta, Leabharlann Poiblí agus Turasóireachta Chomhairle Contae na Gaillimhe lena chéile agus le pobail áitiúla ar fud Chontae na Gaillimhe chun beocht a chur i dtionscadail a fuair maoiniú agus tacaíocht trí Éire Ildánach.

Spreag na tionscadail ilchineálacha agus uathúla seo daoine cruthaitheacha agus pobail ar fud ár gcontae chun ardán Éire Ildánach a úsáid chun inspioráid chruthaitheach a fháil. Bhí an clár ina léaró dearfachta agus rannpháirtíochta, agus chuimsigh sé cultúr agus cruthaitheacht in iliomad cruthanna. Chonaiceamar i ndáiríre cumhacht an chultúir agus na cruthaitheachta ó thaobh folláine an phobail agus comhtháthú sóisialta a bhaint amach, go háirithe le linn na tréimhsí dúshlánacha le tamall anuas.

Tá Contae na Gaillimhe ina chroílár sáite sa Chultúr, sa Chruthaitheacht agus sa Teanga agus tá stair fhada againn maidir le hinfheistíocht a dhéanamh sa chultúr. Aithnímid go bhfuil ról an-tábhachtach ag earnáil bheoga chultúrtha freisin maidir le feabhas a chur ar áiseanna agus ar tharraingteacht agus ar inmharthanacht ár mbailte agus ár gceantar tuaithe ar fad. Tacaíonn Clár Éire Ildánach lenár dtiomantas dár n-infheistíocht inár n-oidhreacht chultúrtha atá mar thaca faoi chomhtháthú sóisialta agus a thacaíonn le fás láidir agus inbhuanaithe an gheilleagair i gContae na Gaillimhe.

Díríonn ár gcéad straitéis cúig bliana eile d'Éire Ildánach go soiléir ar thógáil ar an éacht atá déanta cheana féin agus rochtain agus rannpháirtíocht ar chultúr agus ar chruthaitheacht a leathnú tuilleadh. Bhreathnaíomar ar na tosaíochtaí d'Údaráis Áitiúla sna blianta amach romhainn agus d'fhéachamar le tacú leo sin laistigh dár straitéis, go háirithe pobail acmhainneacha a chothú agus áiteanna a chruthú atá iontach le bheith i do chónaí agus ag obair iontu. Bhí an-tionchar ag ár bhFoireann Cultúir agus Cruthaitheachta agus táimid ag tnúth le tacú leo sna blianta amach romhainn chun leanúint ar aghaidh ag cruthú, ag cur chun cinn agus ag comhoibriú le páirtithe leasmhara, pobail, ealaíontóirí, daoine cruthaitheacha agus rannóga an údaráis áitiúil chun an chruthaitheacht a chur i gcroílár ár seirbhísí.

**An Comhairleoir Michael Maher**
Cathaoirleach, Comhairle Contae na Gaillimhe

**Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach**
Mar Phríomhfheidhmeannach, tá an-áthas orm fáilte a chur roimh Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Chomhairle Contae na Gaillimhe 2023 – 2027; an dara plean straitéiseach cúig bliana againn chun ár gClár Éire Ildánach a fhorbairt i gContae na Gaillimhe.

Cruthaíodh ár gcéad straitéis cúig bliana chun comhleanúnachas a thabhairt dár straitéisí aonair cultúr-bhunaithe (Oidhreacht, Leabharlanna, Ealaíon agus Plean Forbartha Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chontae na Gaillimhe) agus chun obair na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta a ailíniú chun saol ár bpobail a fheabhsú.

Trí obair ár bhFoirne Cultúir agus Cruthaitheachta agus Comhordaitheoir Éire Ildánach tá infheistíocht iomlán €761,406 faighte againn le linn na tréimhse 2018-2022. Thacaigh sé seo go díreach le 85 príomhthionscadal faoi Shraith na bPobal Ildánach agus 81 tionscadal de Chruinniú na nÓg le linn shaolré na straitéise seo. Le trí bliana anuas, ba iomaí dúshlán neamhghnách a bhí le sárú againn agus ba é ár bhfócas láithreach freagairt pobail ar COVID-19 a chur i bhfeidhm a dhírigh ar shábháilteacht agus folláine na ndaoine a chónaíonn i nGaillimh a chinntiú ag tráth a raibh éiginnteacht mhór ann.

Leag paindéim COVID-19 béim freisin ar thábhacht na dtionscnamh pobalbhunaithe atá dírithe ar chultúr agus ar chruthaitheacht chun dul i ngleic le héifeachtaí diúltacha COVID-19 agus tharla sé seo trí chomhpháirtíochtaí idir Éire Shláintiúil agus Éire Ildánach go náisiúnta agus go háitiúil. Leag ár gClár Éire Ildánach béim i ndáiríre ar thábhacht na cruthaitheachta in amanna géarchéime, agus chuireamar fáilte roimh mhaoiniú breise Cúram Covid a fuarthas chun tacú leo siúd ba leochailí inár sochaí.

Is deis í ár Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2023-2027 chun teacht leis an obair agus leis an uaillmhian ar fud an údaráis áitiúil. Tacóidh sé le soláthar ár bpolasaithe, ár bpleananna agus ár dtosaíochtaí réigiúnacha agus údaráis áitiúil lena n-áirítear an Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail (LECP), Pleananna Fiontair Réigiúnacha, an Plean Corparáideach agus an Plean Forbartha Contae agus oibreoidh sé chun cultúr agus cruthaitheacht a dhaingniú laistigh d'fhorbairt pleananna agus straitéisí nua réigiúnacha agus áitiúla lena n-áirítear dréacht-Straitéis Turasóireachta Chontae na Gaillimhe.

I bPlean Corparáideach Chontae na Gaillimhe 2020-2024, luaitear ceann dá shé Sprioc Straitéiseacha "ár gcomhshaol, ár gcultúr, ár n-oidhreacht agus ár dteanga a fheabhsú, a chosaint agus a chur chun cinn ar mhaithe leis na glúine seo agus na glúine atá le teacht ". In áit eile leagtar béim ar ról an chultúir agus na cruthaitheachta 'lena chinntiú go gcuireann na healaíona le saibhriú shaol na ndaoine…'. Trí dhíriú ar chomhfhorbairt cruthaitheach áite mar thosaíocht inár Straitéis nua Chultúir agus Chruthaitheachta 2023-2027, tacóimid lenár mbailte agus lenár sráidbhailte chun an chruthaitheacht a chur i gcroílár a bpobail.

Ar deireadh, is é an rud is tábhachtaí maidir le seachadadh rathúil na straitéise seo ná láidreacht ár gcomhoibrithe inmheánacha agus ár gcomhpháirtíochtaí pobail. Táimid tiomanta do chlár dinimiciúil, uaillmhianach agus uilechuimsitheach a chur ar fáil, le tacaíocht ónár dtosaíochtaí straitéiseacha sna cúig bliana amach romhainn. Cur chuige de chomhoibriú agus d'uileghabhálacht agus leanfaimid orainn ag freagairt don iliomad deiseanna a chuireann Clár Éire Ildánach ar fáil dúinn.

Ba mhaith liom tiomantas leanúnach ár bhFoirne Cultúir agus Cruthaitheachta do Chlár Éire Ildánach a mholadh agus táim ag tnúth leis an gcomhoibriú leanúnach lenár bpobail áitiúla chun sochaí chruthaitheach bhríomhar a chruthú dúinn ar fad.

**An tUasal Jim Cullen**
Príomhfheidhmeannach

# 1 Éire Ildánach
## 2023–2027

Is tionscnamh uile-rialtais é Clár Éire Ildánach atá tiomanta do rochtain a fheabhsú i dtaobh chultúr agus chruthaitheacht na hÉireann, rannpháirtíocht iontu a fheabhsú agus an sásamh a bhaintear astu a fheabhsú. Laistigh den réimse leathan de shainmhínithe atá ar fáil, meastar an chruthaitheacht a bheith ina shraith de chumais nádúrtha agus scileanna foghlama; ábaltacht daoine aonair agus eagraíochtaí smaointe agus gnásanna a nglactar leo a shárú agus trí úsáid a bhaint as an tsamhlaíocht chun smaointe nua a chruthú a thugann fiúntas breise do ghníomhaíocht an duine.

Is é fís Chlár Éire Ildánach 2023–2027 an chruthaitheacht a bheith ina gnáthchuid de shaol an náisiúin chun go mbeimid ábalta an cumas iomlán cruthaitheachta atá ionainn, inár saol pearsanta agus inár n-institiúidí, asainn féin agus i ngrúpaí, a thabhairt chun fíre agus folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn.

Déanfaidh Clár Éire Ildánach maith air sin trí oibriú i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht ag cur tuiscint agus meas ar luach na cruthaitheachta i ngach aon fhoirm chun cinn-cé acu ar trí na healaíona, cultúr, oidhreacht nó teicneolaíocht é.

**Déanfaidh Clár Éire Ildánach tús áite a thabhairt dá chuid oibre bunaithe ar chúig ghné don tréimhse 2023–2027:**

1. Óige Ildánach
2. *Pobail Ildánacha*
3. Tionscail Ildánacha
4. Sláinte agus Folláine Ildánach
5. Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht Ildánach

Faoi Chlár Éire Ildánach, tacaíonn *Pobail Ildánacha* leis an gcomhpháirtíocht idir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus údaráis áitiúla na hÉireann. Cuireann an chomhpháirtíocht seo ar chumas saoránach agus pobal a gcultúr agus a gcruthaitheacht a fhiosrú ag an leibhéal áitiúil agus, nuair is cuí, leas a bhaint as an gcruthaitheacht sin chun an fholláine a neartú, aontacht shóisialta a bhrú chun cinn agus tacú le forbairt eacnamaíoch.

Tá *Pobail Ildánacha* nuálach chomh maith i dtaobh an chruthaitheacht a spreagadh chun lánpháirtiú níos mó a bhaint amach ar fud tosaíochtaí beartais spriocdhírithe. Mar thoradh air sin tá tionscnaimh rannpháirtíochta cruthaitheachta nua bainte amach maidir le leanaí agus daoine óga, daoine níos sine, gníomhú ar son na haeráide agus geilleagair áitiúla, mar shampla. Tá dearcadh daoine aonair agus pobail maidir leis an ról agus luach atá ag an gcultúr agus ag an gcruthaitheacht lárnach inár bhfolláine sa chiall is leithne ag feabhsú.

Is é an deis a ghlactar laistigh de Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Chontae na Gaillimhe 2023 - 2027 tacú le rannpháirtíocht, cuimsiú agus léiriú daoine laistigh de phobail, agus geilleagair chruthaitheacha áitiúla a neartú tuilleadh.



Bouncing Off the Walls.
**Grianghraf:** Aengus McMahon

# 2 Cultúr agus Cruthaitheacht i gContae na Gaillimhe

Is é Contae na Gaillimhe an dara contae is mó in Éirinn agus is ann atá an daonra Gaeltachta is mó in Éirinn, arb ionann é agus 49.7% de dhaonra náisiúnta na Gaeltachta. Tá teorainn ag an gcontae le cúig chontae eile agus tá oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha shaibhir agus éagsúil aige. Tá ceithre phríomh-oileán ann freisin a bhfuil cónaí orthu, Inis Mór, Inis Oírr, Inis Meáin agus Inis Bó Finne. Déanann Comhairle Contae na Gaillimhe freastal ar dhaonra 192,995 (bunaithe ar Dhaonáireamh 2022, méadú 1.2% ó 2016).

Ó bunaíodh é, chuir Clár Éire Ildánach go mór le hobair na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta ar fad chun cur le dul chun cinn cultúrtha ár gcontae. D'éascaigh sé leibhéal feabhsaithe comhordaithe, fócais agus ceannaireachta do sheirbhísí cultúrtha laistigh den údarás áitiúil. Tá deiseanna suntasacha curtha i láthair ag an gclár uathúil seo chun comhoibriú ar thionscadail chruthaitheacha éagsúla le baill eile den Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta, le téamaí comhchoiteann a bhaineann le bheith ag obair le daoine óga, le pobail, le daoine aosta agus tacú le healaíontóirí agus le daoine cruthaitheacha ar fud an chontae. Ina theannta sin, thacaigh sé leis an réimse leathan clár cultúrtha atá i bhfeidhm cheana féin trínár nOifig Ealaíon, ár leabharlanna, ár soláthar caomhnaithe, oidhreachta agus forbartha pobail sa chontae agus is faoin Oifig Ealaíon atá comhordú an chláir.

Is iad Sparánachtaí Éire Ildánach Chontae na Gaillimhe ceann de na codanna is mó tionchair agus is rathúla dár gclár. Tá an Sparánacht oscailte do ghrúpaí pobail, d'eagraíochtaí, d'ionaid, d'ealaíontóirí, do thaibheoirí agus dóibh siúd a bhfuil baint acu leis na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta. Chuir na sparánachtaí seo ar chumas grúpaí agus daoine aonair tionscadail/cláir ar ardchaighdeán a fhorbairt. Thacaigh sé freisin le rochtain, eolas agus meas níos fearr ar na healaíona, ar thionscail chruthaitheacha, ar oidhreacht agus ar an nGaeilge agus spreag sé rochtain níos fearr orthu sin. Ina theannta sin, léirigh sé *ceann amháin nó níos mó* de na cuspóirí straitéiseacha a sainaithníodh i *bPlean Straitéiseach Éire Ildánach Chontae na Gaillimhe 2018-2022*.

Ó 2018 i leith, thacaíomar le 52 tionscadal sparánachta arbh fhiú €115,000 iad. Léiríonn na freagraí thar na bearta ó gach réimse den phobal réimse leathan seánraí agus spéiseanna cruthaitheacha. Thug nádúr leathan ár dtosaíochtaí straitéiseacha deis dúinn tacú le tionscadail uaillmhianacha agus fiosracha lena n-áirítear Lace Notes le Headford Lace Project (Ceol agus Lása), Carrying the Stones – Interface Inagh (tionscadal idirnáisiúnta scéil agus amharcealaíona), Salt le Vanessa Earls (tionscadal pobail/grianghrafadóireachta), Frank the Man with the Camera (tionscadal Oidhreachta & Scannán), If Walls Could Talk le Nova Productions (Béaloideas & Léiriú Scannán) agus Bouncing off the Walls, Pinniúr Liathróid Láimhe Bhaile Átha an Rí (tionscadal ildisciplíneach).

Chuir Clár Éire Ildánach go mór le hobair na *hOifige Ealaíon* maidir le cur i bhfeidhm a físe chun contae a fhorbairt atá ina eiseamláir do na healaíona agus don chultúr: dírithe go háitiúil, rannpháirteach go náisiúnta agus uaillmhianach ar bhonn domhanda. Tá an Oifig Ealaíon chun tosaigh maidir le Clár agus lucht spéise *Chruinniú na nÓg* a fhorbairt agus a fhás. Ó 2018 i leith, tá os cionn 97 imeacht/ceardlann ar cheardaíocht, ceol, damhsa, sorcas, amharclannaíocht, códú, úrscéalta grafacha, agus amharcealaíona curtha le chéile againn do leanaí idir 2-22 bliain d'aois, agus tá fás tagtha air bliain i ndiaidh bliana.

I measc na bPríomhchlár Ealaíon a fuair tacaíocht ó Éire Ildánach bhí:

- Coimisiúnaíodh tob-imeacht Bhranar 'Lil Peeps Animation and Stories tríd an gClár Éire Ildánach i gcomhar le Cláir Éire Ildánach Chontae agus Chathair na Gaillimhe agus Ros Comáin. Bhí an saothar uathúil seo do lucht féachana óg le feiceáil ar RTE le linn dheireadh seachtaine *Cruinniú* le scéalta agus beochaintí nua do lucht féachana níos óige.
- Coimisiúnaíodh albam nua *Caoin* leis an amhránaí, taibheoir agus an físealaíontóir clúiteach atá lonnaithe i gContae na Gaillimhe, Ceara Conway, i dteannta na gceoltóirí traidisiúnta comhaimseartha is spreagúla in Éirinn, a chuir go mór lenár gclár. Ainmníodh an t-albam seo do Ghradam Cheol Tíre na hÉireann in 2022.
- I gcomhar le Leabharlanna Bhéal Átha na Sluaighe, thacaigh an Oifig Ealaíon le Féile Téada Bhéal Átha na Sluaighe (2018) agus le *ComicCon* Bhéal Átha na Sluaighe (2019-2021), réimse féilte ar leith in The Gallery i Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe. Clár spreagúil ba ea ComicCon de cheardlanna ealaíne grafaicí, ranganna teagaisc, cluichíocht, agallaimh, ceoltóirí agus feistimirt a rinne ceiliúradh ar Chruthaitheacht, Eolaíocht agus Ceol agus a bhí oscailte do gach aois agus spéis.
- Thug an Chamchuairt Imagination Playground le Brící Spraoi deis do leanaí i scoileanna an chontae spraoi sa spás súgartha ceannródaíoch seo le bloic mhóra ghorma de gach cruth, atá deartha chun saorshúgradh atá faoi stiúir leanaí a spreagadh.

Is spásanna dinimiciúla, sibhialta agus cultúrtha iad **Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe** a bhfuil éiteas acu cruthaitheacht agus meas liteartha a chothú sna pobail a ndéanann siad freastal orthu. Chomh maith leis sin, chuir Clár Éire Ildánach ar chumas na seirbhíse leabharlainne páirt a ghlacadh i gcruthaitheacht agus i samhlaíocht phobail Chontae na Gaillimhe, idir óg agus aosta agus an chruthaitheacht agus an tsamhlaíocht sin a chothú, a leathnú agus a shaibhriú.

I measc na bPríomhchlár Leabharlann a fuair tacaíocht ó Éire Ildánach bhí:

- *Galway's Great Read*, clár bliantúil imeachtaí a chuireann a n-oidhreacht litríochta, ár stair agus ár gcultúr uathúil chun cinn.
- *Look Beyond Our World: Read My World*, tionscadal a bhfuil údair agus daoine óga páirteach ann i léirmhíniú scéalta ilghnéitheacha a fhiosraíonn ábhair amhail cuimsiú, comhionannas, meas ar dhifríocht, agus tuiscint ar shaol agus ar chúinsí daoine eile.
- *Déan É*, clár seachtaine Eolaíochta agus Teicneolaíochta de sheisiúin il-oilte sa róbataic, códú, ceardaíocht thraidisiúnta, gnéithe mara agus uaschúrsáil atá deartha chun leanaí a spreagadh chun iniúchadh a dhéanamh ar an domhan mórthimpeall orthu trí chabhrú leis an gcruthaitheacht den uile riocht a chothú.
- Chomhoibrigh Leabharlanna na Gaillimhe le OÉG agus Coláiste na Tríonóide chun comóradh 100 bliain ó na feachtais ar son vótáil do mhná dar teideal *Women of the West: Art, Citizenship and Literature* (2018) a chur chun cinn..
- *Eilís Dillon: Language, Landscape & Literature (2020),* le dhá choimisiún:
  - Chruthaigh Ruth O'Donnell, amharcealaíontóir saothar ealaíne '*Family Memories: Cuimhní Clainne*'
  - Chum an Virtuoso Máirtín O Connor sraith nua ceoil '*Journey*' mar fhreagra ar cheann de na saothair aistrithe is mó cáil agus is mó meas, *Caoineadh: Airt Uí Laoghaire*
- Thug foilseacháin nua le Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe, Clár Éire Ildánach deis dóibh *Women of the West: Art, Citizenship & Literature agus Westward Ho! A Ramble through Galway 1840 – 1950 Collected Essays* agus scannán faisnéise taistil dhá pháirt *Westward Ho! Travel Writers Remembered* a chruthú.



SALT.
**Grianghraf:** Markus Voetter.

Tá deis tugtha ag Clár Éire Ildánach don **Oifig Caomhantais Ailtireachta** a bheith rannpháirteach le pobal leathan páirtithe leasmhara. Ba thionchar suntasach gur chabhraigh sé le teacht le chéile agus a bheith rannpháirteach leis an bpobal mar an sásra seachadta is tábhachtaí atá ann cheana féin.

— *Tionscadal Pobalbhunaithe* is ea Croí an Ghoirt: a thosaigh in 2017 mar thionscadal a dearadh chun 'na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a logánú' i mbaile beag stairiúil Éireannach. Is comhshaothar é an tionscadal idir Comhairle Contae na Gaillimhe, Fóram Bhoirne Ísealchríocha agus Baile - an ICOMOS Ireland NSC for Small Towns and Villages. Spreag féile Chroí an Ghoirt grúpaí pobail áitiúla chun comhoibriú lena mbaile a cheiliúradh. Thug sé sin chomh fada le 2020 muid nuair a seoladh seimineár gréasáin chun éifeachtúlacht fuinnimh agus inbhuanaitheacht fuinnimh a chur chun cinn i lár an bhaile a tógadh go traidisiúnta agus a raibh seoladh físeáin ghairid i gceist leis freisin, inar cuireadh béim ar thréithe an bhaile: Gort, A Connected Town.

Tá **Cartlann Chontae na Gaillimhe** lán le scéalta atá ag fanacht le teacht chun solais, is taisce iad ónar féidir foghlaim, inspioráid a fháil agus fiosracht a fhorbairt faoinár saol agus faoin domhan mórthimpeall orainn. Is féidir le healaíontóirí agus le daoine cruthaitheacha ábhar cartlainne a athshamhlú chun nascadh lena lucht spéise ar bhealaí nuálacha.

Thug an tionscadal Cartlainne *Sowing a Seed: Archives to Art* cartlanna agus ealaíona le chéile chun an chruthaitheacht a cheiliúradh agus mothú d'fhéiniúlacht chultúrtha agus na cartlanna araon a chur chun cinn.

> *"Bhí suim agam a bheith ag obair leis na cartlanna mar go mbíonn sraitheanna brí, scéalta, agus féidearthachtaí iontu faoi bhun an ábhair a bhíonn le feiceáil láithreach againn. Tá rianta iontu ar féidir le healaíontóirí freagra a thabhairt orthu".* – Kathleen Furey, Ealaíontóir, catalóg taispeántais, Sowing a Seed: Archives to Art, 2018.

I measc na gcomhshaothar breise bhí na tionscadail:

— Is foilseachán réasúnta nua é *Island Images: From the Chambers Archive (2022),* a scrúdaíonn agus a thugann beocht do bhailiúchán grianghraf iontach corraitheach, a théann ó 1929 go 1938, agus a dhéanann ceiliúradh ar shaol agus ar obair ar oileáin chósta thiar na hÉireann. D'oibrigh an Chartlann le cartlannaithe agus le gairmithe oidhreachta ó chontaetha a léirítear sna grianghraif chun stair agus cultúr na n-oileán a fhiosrú agus aird a tharraingt orthu i ré atá caite.

— Comhshaothar rathúil eile le comhghleacaithe leabharlainne in 2021 ba ea an clár *Westward Ho! Travel Writers Remembered* a dhírigh ar scríbhneoireacht taistil, a léirigh scannán faisnéise álainn dhá chuid ina dtaispeántar tírdhreach draíochtúil Chonamara, agus saothar ealaíontóirí ón tréimhse 1840-1950.

— Cuireadh an-fháilte roimh fhoilseachán a ghabhann leis *Westward Ho! A Ramble Through Galway 1840-1950, Collected Essays.*

*"Delightful 19th century watercolour paintings of the streets of Galway and the Connemara landscape by William Evans of Eton, as well as the mid-20th century work of James Humbert Craig and Raymond Piper are sprinkled throughout the pages. This exquisitely produced book is available free from libraries in Galway city and county".* – Paul Clements, The Irish Times, 16 Iúil 2022.

Chuir na tionscadail éagsúla a rinne Cartlann Chomhairle Contae na Gaillimhe, faoi Phlean Straitéiseach Éire Ildánach Chontae na Gaillimhe 2018-2022, deiseanna ar fáil chun oibriú le comhghleacaithe agus le daoine cruthaitheacha ó milieux cruthaitheacha agus cultúrtha éagsúla. Chuir siad deiseanna a raibh fáilte rompu ar fáil chun teagmháil a dhéanamh le húsáideoirí nua agus éagsúla na cartlainne agus iad a mhealladh, chun leibhéil fiosrachta a mhéadú, agus chun a léiriú conas is féidir le cartlanna a bheith ina mbealach do dhaoine féachaint ar an am atá caite chun tuiscint níos fearr a fháil ar chomhthéacs cultúrtha agus stairiúil na spásanna, na n-áiteanna agus na hoidhreachta; bealach chun cuidiú le cumas foghlama, léirmheastóireachta agus taiscéalaíochta.

Chuir Oifig Oidhreachta Chontae na Gaillimhe tús le roinnt tionscadal an-rathúil agus an-fhiúntach trí Phlean Straitéiseach Éire Ildánach Chontae na Gaillimhe 2018-2022. Ag obair le pobail, d'aimsigh an Oifig Oidhreachta tionscadail a spreag spéis ó ghrúpaí oidhreachta áitiúla.

— Chun comóradh céad bliain a dhéanamh ar an gcéad eitilt thrasatlantach ar thug Alcock agus Brown fúithi in 1919, d'fhorbair an Oifig Oidhreachta i gcomhar le Alcock agus Brown 100, Cumann Tráchtála an Chlocháin, Éire Ildánach agus Ionad Oideachais na Gaillimhe leabhar oibre Dátheangach Sóisearach agus Sinsearach do bhunscoileanna. Chuir na leabhair oibre ar líne seo nasc ar fáil idir oidhreacht, oideachas, eolaíocht (ETIM), tíreolaíocht agus eitlíocht.

— 'Cúrsa oiliúna a reáchtáladh san Ionad Teleworks, sa Chreagán, in 2019 i gcomhar le Líonra Oidhreachta agus Turasóireachta an Chreagáin ba ea *'Reading Your Local Landscape'*. Fuair aon rannpháirtí déag oiliúint i ngach gné den oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha. Tar éis oiliúint scileanna trí obair ranga agus turais allamuigh chuig láithreáin oidhreachta áitiúla, chuir na rannpháirtithe tionscadail phraiticiúla i gcrích. Áiríodh orthu sin forbairt a dhéanamh ar chosán oidhreachta agus ar phlean gníomhaíochta bithéagsúlachta don Chreagán

agus cúrsa taistil agus ábhar turas mionsonraithe a fhorbairt chun cuairteoirí a threorú timpeall Phortach Cheathrú na gCapall, áit a bhfuil tionscadal Portaigh Bheo na Gaillimhe lonnaithe.

- The *Forged Gates Project 2020-2022*, d'oibrigh an Oifig Oidhreachta go díreach le Grúpa Oidhreachta na Sceachánaí agus Coláiste an Holy Rosary College, an Creagán. Is gné an-luachmhar d'oidhreacht chultúrtha ár dtírdhreacha tuaithe i gContae na Gaillimhe, ach a ndéantar neamhaird air go minic, é an geata dúchasach tuaithe d'iarann buailte a rinne gabha áitiúil. Tá os cionn 200 geata a rinne gabha áitiúil taifeadta, agus tógadh grianghraif de na ceártaí áitiúla atá fágtha agus rinneadh agallaimh, podchraoltaí agus taifeadtaí le baill den phobal áitiúil lena n-áirítear feirmeoirí, gaibhne, sliocht gaibhne agus daoine eile a bhfuil eolas acu ar obair an ghabha agus ar gheataí a rinne gaibhne an cheantair.
- In 2019, rinne an Oifig Oidhreachta, an Chartlann agus Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe comóradh ar 120 bliain de bhunú rialtais áitiúil in Éirinn, tríd an gclár *Pumps, Piers and Potholes, 120 years of Local Government.* Dhírigh an Oifig Oidhreachta ar an ngné '*Reminiscences*' den tionscadal, le taifeadtaí staire ó bhéal na foirne a bhíodh ann.

Is príomhthoisc é cultúr agus cruthaitheacht a cheiliúradh i bpobail áitiúla chun áiteanna tarraingteacha a chruthú le cónaí iontu agus le cuairt a thabhairt orthu agus mealltar turasóirí chuig ceantair a bhfuil pobail dhinimiciúla agus rannpháirteacha ina gcónaí iontu ina bhfaigheann gach duine deis a bheith cruthaitheach. Chruthaigh ár nOifigeach Turasóireachta atá ag obair i gcomhpháirtíocht le Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Chontae na Gaillimhe sampla le tamall beag anuas de dheis thras-chomhoibríoch a chuireann le cáil na Gaillimhe mar áit tharraingteach le cuairt a thabhairt uirthi.

- **This Place: An Ait Seo:** Cuireadh tús leis an tionscadal le linn phaindéim COVID-19 agus d'fhéach sé le háilleacht amh an réigiúin a ghabháil agus scéalta áitiúla a insint ar bhealach cruthaitheach agus tarraingteach. Léiríonn an foilseachán iontach seo (2021) ina bhfuil filíocht le Erin Fornhoff agus Máire Holmes, grianghrafadóireacht le Matthew Thompson agus deartha ag Red & Grey áilleacht agus uathúlacht oirthear agus iarthar an chontae san am seo.
- **Wandering Kite Festival:** Bhí an fhéile eitleoige saor in aisce seo ar siúl in dhá ionad iontacha i gContae na Gaillimhe in 2021 agus 2022. Ag leanúint ón rath a bhí ar an gcéad fhéile in 2021 in Uachtar Ard, Contae na Gaillimhe, chuaigh an fhéile ar fánaíocht chuig suíomh nua Thrá Iomaí. Chonaic an lucht féachana cuid de na heitleoga ba mhó ar domhan a bhí ar foluain ag cuid de na heitleoirí eitleoige is mó cáil ar domhan. Bhí ceardlanna déanta eitleoige, ceol, suiteálacha ealaíne agus spraoi don teaghlach ar fad mar chuid den fhéile freisin.

Cuireann rannpháirtíocht i ngach cineál gníomhaíochta cruthaithí agus cultúrtha le sláinte agus folláine daoine aonair agus pobal, agus trí thionscnaimh phobalbhunaithe a chur i bhfeidhm, tá an Chomhairle ag iarraidh a chinntiú go bhfuil gach saoránach beag beann ar aois, inscne, nó eitneacht ar an eolas faoi luach agus faoi thábhacht na cruthaitheachta ina saol agus gur féidir leo páirt a ghlacadh inti agus taithí a fháil uirthi. Bhí sé seo ábhartha go háirithe le linn phaindéim COVID-19, nuair a chuir rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus cruthaitheachta ar chumas daoine leochaileacha fanacht i dteagmháil lena chéile agus fanacht folláin laistigh dá bpobail.

Tugadh tacaíocht do thionscadail nua a chuaigh i ngleic go sonrach le baill leochaileacha na sochaí trí *mhaoiniú faoi Chruthaitheacht sa Seanaois* a dhírigh ar na daoine níos sine sa phobal a chónaíonn i dtithe altranais agus i gceantair iargúlta. I measc na dtionscadal bhí:



Sewing a Seed: Archives to Art.
**Grianghraf:** Laura Griffin.

- **Tionscadal na dTithe Altranais** ar tionscadal cartlainne é ina ndeachaigh béaloideasóir i dteagmháil le tithe altranais chun cónaitheoirí a choinneáil gafa le scéalta agus amhráin, agus a raibh ócáid rannpháirtíochta dá dteaghlaigh agus dá bpobail mar thoradh air, chomh maith le DVD chun tacú leis an bpróiseas chun béaloideas a tharchur ó dhaoine aosta go leanaí sa phobal.
- **Cúramóirí Ildánacha** a aithníonn nádúr agus eisiamh sóisialta 'dofheicthe' cúramóirí agus a thugann páirt dóibh i gclár gníomhaíochtaí cruthaitheacha éagsúla a mbeidh taispeántas dá gcuid saothar agus ábhar mar thoradh air.

Fáiltímid roimh an bhféidearthacht post nua Oifigeach Rannpháirtíochta *Pobail Ildánacha* a chruthú a bheidh á chómhaoiniú ag Clár Éire Ildánach agus Comhairle Contae na Gaillimhe. Tacóidh sé seo go mór leis an bhFoireann Cultúir agus Cruthaitheachta agus le Comhordaitheoir Éire Ildánach chun cur le rannpháirtíocht chruthaitheach go háitiúil agus ról straitéiseach an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh den rialtas áitiúil a fheabhsú. Déanfaidh sé cláir chomhoibritheacha a dhaingniú tuilleadh laistigh de Chomhairle Contae na Gaillimhe agus tacóidh sé leis na naisc níos leithne chuig ár bpolasaithe áitiúla atá ábhartha maidir le folláine, comhtháthú sóisialta agus forbairt eacnamaíoch.

Ar deireadh, agus muid ag forbairt ár dtosaíochtaí straitéiseacha do na cúig bliana amach romhainn, chuireamar san áireamh na forbairtí agus na tosaíochtaí amach anseo laistigh dár bpobail agus chuireamar san áireamh cá háit is fearr chun an tionchar is mó a imirt. Tá sé beartaithe againn cur lenár bhFoireann Cultúir agus Cruthaitheachta chun a chinntiú go soláthraítear ionadaíocht iomlán ar phríomhthosaíochtaí ionas go gcuirfimid tionscadail uaillmhianacha i gcrích. Leanfaimid orainn a bheith gníomhach ar son a chinntiú gur féidir cultúr agus cruthaitheacht a dhaingniú tuilleadh laistigh de pholasaí poiblí ag leibhéal áitiúil.

# 3 Fís Éire Ildánach do Chontae na Gaillimhe

Feidhmíonn an plean seo mar chreat straitéiseach do ghníomhartha na Comhairle amach anseo le linn na tréimhse seo agus aithnítear ann 5 thosaíocht straitéiseacha le cuspóirí soiléire a chuireann bonn faoinár bhfís Éire Ildánach do Chontae na Gaillimhe mar seo a leanas:

Contae cruthaitheach, inar féidir le gach duine taitneamh a bhaint as cultúr agus cruthaitheacht go barr a gcumais, áit a gcuireann idirnascthacht agus comhoibriú idir pobail, cruthaitheoirí agus gníomhaireachtaí cláir dhinimiciúla, nuálacha agus tharraingteacha ar fáil agus áit a gcuireann rannpháirtíocht chomhchoiteann le folláine shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil.



# 4 An Chaoi a nOibríonn Clár Éire Ildánach

## Ár bPrionsabail agus ár Luachanna

Leanfaidh *Pobail Ildánacha* ag tacú le húdaráis áitiúla mar straitéis folláine trí:

— **Polasaí** — Oibriú i gcomhpháirtíocht ar fud an rialtais ag tacú le húdaráis áitiúla polasaithe agus tosaíochtaí ábhartha áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a chur i gcrích.

— **Cleachtas** — Foirne solúbtha, leathana Cultúir agus Cruthaitheachta a sholáthraíonn cur chuige lúfar agus inoiriúnaithe atá lárnach do chur i gcrích *Pobail Ildánacha* agus é ag tabhairt aghaidh ar thosaíochtaí atá ábhartha go háitiúil.

— **Rannpháirtíocht** — Níos mó deiseanna a chur ar fáil do dhaoine a bheith rannpháirteach le cultúr agus cruthaitheacht agus taitneamh a bhaint astu ag an leibhéal áitiúil ar bhealaí atá ina mbonn don chomhionannas rochtana; agus

— **Comhpháirtíocht** — Idir rialtas lárnach agus áitiúil, agus Comhairle Contae na Gaillimhe agus ár n-earnálacha cultúir agus cruthaitheachta áitiúla.

Tá an cur chuige seo bunaithe ar aghaidh a thabhairt ar chlár oibre comhroinnte, straitéiseach agus na dúshláin agus na deiseanna atá uathúil do gach ceantar údaráis áitiúil a chur i gcrích ag an am céanna.

Cuirfear comhpháirtíocht na *bPobal Ildánach* i gcrích de réir na bprionsabal agus na luachanna seo a leanas:

i. Cur le rochtain agus rannpháirtíocht ó thaobh gníomhaíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha go háitiúil.

ii. An cultúr agus an chruthaitheacht a úsáid mar chatalaíoch le haghaidh comhoibrithe agus nuálaíochta chun folláine, comhtháthú sóisialta agus forbairt eacnamaíoch níos fearr a bhaint amach.

iii. Acmhainn na n-údarás áitiúil a neartú chun cultúr agus cruthaitheacht a chomhtháthú ar fud comhfhorbairt áite, a athghiniúint, athnuachan, agus áiteanna níos bríomhaire, níos cruthaithí agus níos inbhuanaithe a fhorbairt.

iv. Infheistiú i gcultúr agus i gcruthaitheacht chun tacú le torthaí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha a chuidíonn le cláir oibre na n-údarás áitiúil a chur i gcrích – idir áitiúil agus réigiúnach, go náisiúnta agus idirnáisiúnta.

v. Tógáil ar lúfaireacht agus ar chur chuige comhtháite na bhFoirne Cultúir agus Cruthaitheachta chun seachadadh breise clár comhoibritheach spriocdhírithe a chothú.

Oileánra Image.
**Grianghraf:** Aengus McMahon

## 5 Na Tosaíochtaí Straitéiseacha do Chomhairle Contae na Gaillimhe

### Tosaíocht Straitéiseach 1: Cur le rochtain agus rannpháirtíocht

Tá Gaillimh ar cheann de na contaetha is mó in Éirinn, leis an gceantar Gaeltachta is mó. Tá comhdhéanamh cultúrtha ann atá ag éirí níos éagsúla, déimeagrafaic aoise atá ag athrú agus leithead uathúil tíreolaíoch le ceithre oileán ar a bhfuil cónaí. Tá oidhreacht leathan chultúrtha agus chruthaitheach aige, pobal dinimiciúil ealaíonta agus cruthaitheach, doimhneacht mhór ábhar cartlainne atá ábhartha ar fud a dhaonra, agus maoiniú agus saineolas atá ar fáil chun tacú le cláir agus gníomhaíochtaí nua spreagúla. Is é ár ndúshlán an acmhainn iontach seo a dhéanamh inrochtana agus a chur ar chumas gach pobail agus gach duine aonair a n-acmhainneacht chultúrtha a bhaint amach. Is tríd an idirghníomhaíocht chruthaitheach seo a éireoidh ár bpobail níos acmhainní agus níos comhtháite. Féachfaimid lena bhaint amach trí na gníomhartha seo a leanas:

— Cuir le rochtain ar ghníomhaíochtaí do spriocghrúpaí i moil chultúrtha agus chruthaitheacha ar fud an chontae, e.g. Leabharlanna, Ionaid Ealaíon/Oidhreachta, Ionaid Phobail, Ionaid Acmhainní Teaghlaigh.

— A chinntiú go dtéitear i gcomhairle le leanaí agus le daoine óga agus ár dtionscadail agus cláir maidir le *Cruinniú na nÓg* agus Éire Ildánach á bhforbairt againn.

— Díriú ar éagsúlacht agus ar chuimsitheacht trí chláir chruthaitheacha agus chultúrtha atá fiúntach agus tarraingteach a chur ar fáil a chumasaíonn rannpháirtíocht ó ghrúpaí nach gcloistear go minic, atá faoi mhíbhuntáiste agus ó ghrúpaí mionlaigh trínár Sparánachtaí Éire Ildánach agus trí thionscadail na Foirne Cultúir.

— Tacú le mórthionscadail idir pobail, daoine cruthaitheacha agus ealaíontóirí ar fud earnálacha éagsúla agus teorainneacha contae (e.g. mórthionscadal sparánachta amháin agus infheistíocht i gcónaitheacht ealaíontóra amháin i ngach ceantar a thacaíonn le téama amháin ar feadh bliana iomláine).

— Tacaíocht a chur ar fáil do chláir a ina mbíonn pobail de gach aois rannpháirteach ar feadh a saoil (Cruinniú na nÓg, An Chairt Ealaíon & Chruthaitheach do Dhaoine Aosta - mar ealaíontóirí, lucht féachana agus éisteachta, cruthaitheoirí, léirmheastóirí, múinteoirí agus foghlaimeoirí).

— Tacú le tionscadail Chruthaitheacha a chur i gcrích i nGaeilge.

— Próifíl Éire Ildánach a mhéadú agus feasacht níos fearr a chruthú ar Scéim Sparánachta Éire Ildánach ar fud gach grúpa pobail (e.g. Nuachtlitir Ráithiúil Chontae na Gaillimhe, Nuachtlitir an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí, Ailt Nuachtáin, Ceapacháin Nua i Nuachtáin agus bealaí áitiúla raidió, meán agus meán sóisialta).

### Tosaíocht Straitéiseach 2: An cultúr agus an chruthaitheacht a threisiú mar chatalaíoch eacnamaíoch

Tá traidisiún iontach ag Gaillimh maidir le sineirgí a aithint agus leas a bhaint astu ar fud an chultúir, na hoidhreachta, na gastranamaíochta agus na turasóireachta agus bhain sí leas as na buntáistí eacnamaíocha a bhaineann leis na láidreachtaí sin a chomhcheangal chun áiteanna tarraingteacha a chruthú le cónaí iontu agus le cuairt a thabhairt orthu. Tá réimse eicléicteach ceardaíochta, dearthóirí, tionscail chruthaitheacha, ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon againn ar féidir iad a spreagadh chun comhoibriú, le tacaíocht ón bhFoireann Cultúir agus Cruthaitheachta agus ón Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) ar mhaithe le timpeallacht chruthaitheach nuálach a chothú ar féidir léi fás eacnamaíoch a spreagadh. Chun é sin a bhaint amach, déanfaimid an méid seo a leanas:

— Tacú le forbairt na dtionscal cruthaitheach trí chruthaitheacht a chur i gcroílár na tacaíochta fiontraíochta.

— Timpeallacht dinimiciúil bhríomhar fiontraíochta a chothú trí dheiseanna comhoibrithe a fhorbairt ó cheird go cód ar fud ár dtionscal cruthaitheach ar fad agus comhpháirtíochtaí a spreagadh idir an earnáil phríobháideach agus phoiblí ag obair go dlúth leis an Oifig Fiontair Áitiúil.

— Meantóireacht a fhorbairt i gcomhar leis an Oifig Fiontair Áitiúil chun cumas an gheilleagair chruthaithigh áitiúil a chothú.

— Ár scéalta a insint ar ardáin thraidisiúnta agus dhigiteacha ar bhealach an-spéisiúil agus cruthaitheach; trí Ghaeilge agus trí Bhéarla agus ag baint úsáid as daoine cruthaitheacha áitiúla ar fud disciplíní éagsúla i.e. ealaíontóirí, dearthóirí, grianghrafadóirí, lucht déanta scannán agus ceoltóirí, ealaíontóirí fuaime agus saineolas gníomhaireachta.

— Teacht i dtír ar na láidreachtaí áitiúla san earnáil chlosamhairc trína dtionchar agus a n-ionchur maidir lenár bhfolláine eacnamaíoch agus chultúrtha a uasmhéadú.

— Tacú le daoine cruthaitheacha agus pobail chun tionscadail nuálacha agus uathúla a fhorbairt a fheabhsóidh gníomhaíocht eacnamaíoch áitiúil trí nuálaíocht chultúrtha chun tacú le cleachtas cruthaitheach agus chun cur leis an bhfás eacnamaíoch.

— Tacú le tionscal láidir cócaireachta inbhuanaithe i gContae na Gaillimhe a forbraíodh trínár n-ainmniúcháin mar Réigiún Gastranamaíochta agus Campas Nuálaí BIA chun spéis sna hEalaíona Cócaireachta a leathnú.

### Tosaíocht Straitéiseach 3: Acmhainn a chothú agus ár gClár Ildánach a neartú tuilleadh

Tá an-dul chun cinn déanta ag Clár Éire Ildánach Chontae na Gaillimhe ó bunaíodh é in 2017 agus d'éirigh leis cláir a chur i bhfeidhm a raibh fíorthionchar acu trí chomhoibriú ar fud réimsí laistigh den údarás áitiúil. Sna cúig bliana amach romhainn féachaimid le leanúint lenár líonra a neartú ar fud earnálacha, ranna agus páirtithe leasmhara agus le spreagadh a thabhairt an chruthaitheacht a chur i gcroílár na pleanála clár. Aithnímid teorainneacha na hacmhainne atá ar fáil againn agus tá sé mar aidhm againn acmhainneacht a fhorbairt laistigh den fhoireann agus a próifíl a ardú go hinmheánach agus go seachtrach. Tacóidh na gníomhartha seo a leanas leis an uaillmhian seo:

— Líonra cruthaitheach níos láidre a thógáil laistigh den údarás áitiúil ag aithint deiseanna inmheánacha chun comhoibriú ar fud feidhmeanna seachadta seirbhíse *(e.g., Éire Shláintiúil, Athghiniúint, Seirbhísí Comhshaoil, Gníomhú ar son na hAeráide, Comhpháirtíocht Spóirt)* agus meicníocht a fhorbairt chun é seo a chur i bhfeidhm mar bhealach oibre.

— Acmhainn a chothú laistigh den Fhoireann Cultúir agus Cruthaitheachta, oiliúint agus tacaíochtaí a thairiscint agus ról comhordaithe agus tacaíochta a earcú chun obair na foirne a fheabhsú.

— An t-ionchur dearfach a bhíonn ag Clár Éire Ildánach chun saol gach pobal a fheabhsú trínár gcomhpháirtíochtaí, ár gcainéil ar líne agus na meáin áitiúla agus náisiúnta a aithint agus a dhoiciméadú go poiblí.

— Trí obair ár bhFoireann Cultúir agus Cruthaitheachta, a chinntiú go bhfuil rochtain ag ár bpobail ar fad ar an iliomad deiseanna tríd an gclár.

#### Tosaíocht Straitéiseach 4: Comhfhorbairt Áite Ildánach

Is réimse é seo ar gá tacaíocht bhreise a thabhairt dó sa chéad timthriall pleanála eile do shuíomhanna uirbeacha agus tuaithe araon. Tá easpa spásanna agus áiteanna ann i gcónaí a éascaíonn obair ealaíonta agus chruthaitheach, taispeántais, eispéiris chultúrtha agus taibhiú. Cé go n-aithnímid go bhfuil srianta ag baint le hacmhainní na foirne, tá deis iontach ann pobail agus daoine cruthaitheacha a thabhairt ar bord chun spásanna atá ann cheana a athchruthú. Chuige sin, déanfaimid:

— Teagmháil lenár bpobail agus an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí a uasmhéadú chun úsáid chruthaitheach ár spásanna poiblí a spreagadh.

— Teagmháil lenár bpáirtithe leasmhara inmheánacha chun tacú le spásanna cultúrtha laistigh de phleanáil an Chiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe agus Scéimeanna Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte amach anseo.

— Deiseanna a chur ar fáil do thionscadail chun glacadh go fonnmhar lenár n-oidhreacht nádúrtha agus lenár n-oidhreacht uathúil thógtha agus ag an am céanna meas a léiriú ar ár gcomhshaol agus ar ár mbithéagsúlacht.

— Bheith rannpháirteach le daoine cruthaitheacha chun áiteanna agus spásanna a athshamhlú chun an cultúr agus an chruthaitheacht a oibriú agus a bhlaiseadh.

— Tacú le tionscnaimh chomhdheartha faoi stiúir an phobail chun spásanna agus/nó foirgnimh a athshamhlú agus eolas a dhéanamh don réimse poiblí nó do spásanna cruthaitheacha/tograí tógála a d'fhéadfaí a chur chun cinn trí na cláir éagsúla mhaoinithe amhail an Ciste Forbartha Athghiniúna Tuaithe agus Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte.

— Tacú le háiteanna cruthaitheacha a fhorbairt a bheidh ina n-ionaid tharraingteacha agus bheoga don phobal ar fad.

— Acmhainneacht mhargadh na turasóireachta a uasmhéadú chun an t-éileamh a mhéadú ó thaobh táirgí a fhásann go háitiúil agus a chruthaíonn ceardaithe áitiúla, ealaíontóirí, daoine cruthaitheacha agus gnólachtaí eile laistigh de bhailte/áiteanna cruthaitheacha.

— Pobail a mhealladh le bheith rannpháirteach i bpleanáil, i bhforbairt agus i ndearadh an réimse phoiblí, i dtionscnaimh athghiniúna agus comhfhorbairt áite agus 'caomhnóirí' pobail a chothú dá spásanna poiblí uirbeacha, tuaithe agus dá n-áiteanna cruthaitheacha.

— Deiseanna a chruthú chun tacú le bailte chun infreastruchtúr oidhreachta a chaomhnú agus athearraíocht a bhaint as, agus infheistíocht a dhéanamh chun an chuma atá ar bhaile a athnuachan ionas go mbeidh cruthaitheacht le feiceáil laistigh de chreatlach áiteanna uirbeacha agus tuaithe.

— Beochan áiteanna cruthaitheacha a éascú trí spásanna taibhithe a sholáthar.

— Scéalta áitiúla a chur in iúl ar bhealach cruthaitheach agus tarraingteach chun tacú le heolas a chur in iúl agus a léirmhíniú do chuairteoirí.

#### Tosaíocht Straitéiseach 5: Gaillimh a Cheiliúradh agus a Chur Chun Cinn mar Chontae Cruthaitheach

Tá réimse suntasach clár agus tionscadal curtha le chéile ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Chontae na Gaillimhe a raibh tionchar fadtéarmach acu ar an tírdhreach cultúrtha agus cruthaitheach a shroich lucht spéise náisiúnta agus domhanda araon. Bhí Clár Éire Ildánach ina chuid lárnach de seo. Ní mór dúinn leanúint ar aghaidh ag tógáil air seo agus a aithint go bhfuil sé ríthábhachtach na tionscnaimh bhunaidh seo, a mbíonn tionchar acu, a thaispeáint agus a thaifeadadh chun a bheith ina léaró do na healaíona agus don chultúr. Chun tógáil ar an obair seo déanfaimid an méid seo a leanas:



Bouncing Off the Walls.
**Grianghraf:** Aengus McMahon

— Ár gcáil agus ár bpróifíl dhomhanda mar chontae atá saibhir i sócmhainní cultúrtha agus cruthaitheacha a neartú trí ainmniúcháin atá ann cheana a chur chun cinn agus a mhargú go leanúnach ag tógáil ar rath na dtionscadal roimhe seo.

— Aschuir nuálacha, bhunaidh agus chruthaitheacha a 'fhágann lorg buan' ar thírdhreach cultúrtha an chontae a chur ar taispeáint .

— Ardán digiteach, inbhuanaithe ar ardchaighdeán a thógáil chun cláir chruthaitheacha oibre a thaispeáint agus a thaifeadadh chun próifíl an chontae a thaispeáint agus a chothú.

— Cur chuige cruthaitheach a fhorbairt maidir le margaíocht Chontae na Gaillimhe agus a chinntiú go gcuirfear gach feachtas i gcrích le crann taca de Threo Ildánach, lena n-áireofar ealaíontóirí, ceoltóirí, lucht déanta scannán, dearthóirí a mhealladh chun comhthaobhacht ardchaighdeáin agus ealaíne a fhorbairt lena n-áirítear píosaí scannáin/ físe, leabhair agus paimfléid.

# 6 Cur i bhfeidhm ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Chontae na Gaillimhe

Tá Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta ag Comhairle Contae na Gaillimhe chun cur i bhfeidhm na Straitéise seo a threorú agus a mhaoirsiú.

Is iad na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta bunchloch na *bPobal Ildánach* ar fud na 31 údarás áitiúil in Éirinn. Tugann na foirne seo réimse agus leibhéal suntasach saineolais le chéile agus, i mórán cásanna, cuimsíonn siad gairmithe ó réimsí amhail ailtireacht, cartlanna, na healaíona, gníomhú ar son na haeráide, pobal, forbairt fiontraíochta agus comhshaoil, oidhreacht, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, an Ghaeilge, leabharlanna, pleanáil spásúil, turasóireacht agus go leor eile. Tugann an doimhneacht saineolais theicniúil seo leibhéal léargais, acmhainní agus taithí seachadta do gach údarás áitiúil nach féidir le mórán eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí nó phríobháideach a shárú.

Is é ról na foirne seo ná:

— Fóram comhchoiteann a chur ar fáil d'uaillmhian an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh den údarás áitiúil;

— Díriú ar ilchineálacht agus ar chuimsitheacht agus cur ar chumas pobail a bhfuil sé níos deacra teacht orthu páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha;

— Tógáil ar shaineolas agus straitéisí intí atá ann cheana ar fud réimsí na folláine, an chomhtháthaithe shóisialta agus forbartha eacnamaíche chun cultúr agus cruthaitheacht a threisiú chun cláir oibre spriocdhírithe na n-údarás áitiúil a chur i gcrích;

— Aistriú ar an gcaoi a gcuirtear luach ar an earnáil chultúrtha agus chruthaitheach a chumasú laistigh d'údaráis áitiúla agus ar fud na n-údarás sin agus a chinntiú go bhfuil an cultúr agus an chruthaitheacht daingnithe ar fud phleananna, pholasaithe agus fhoirne tionscadail na n-údarás áitiúil;


— Gníomhaíochtaí tras-chomhoibríocha a thacaíonn le hathrú agus torthaí dearfacha go háitiúil, agus a d'fhéadfadh a bheith idir údaráis áitiúla ag an leibhéal réigiúnach, a spreagadh; agus

— Bheith nuálach agus rioscaí a thógáil – triail a bhaint as tionscadail nua agus bealaí nua oibre.

Tá cur i gcrích na Straitéise faoi stiúir an Stiúrthóra Seirbhísí d'Fhorbairt Eacnamaíoch, Tuaithe agus Pobail agus i measc chomhaltaí na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta do Chomhairle Contae na Gaillimhe tá an tOifigeach Ealaíon, Leabharlannaí an Chontae, an Leabharlannaí Feidhmiúcháin, an tOifigeach Oidhreachta, an tOifigeach Caomhantais Ailtireachta, an tOifigeach Turasóireachta, an tOifigeach Forbartha Pobail agus Cartlannaí an Chontae.

Is gné ríthábhachtach ratha iad na struchtúir agus na próisis seo a chuirfidh ar chumas *Pobail Ildánacha* tosaíochtaí straitéiseacha Chomhairle Contae na Gaillimhe a chur i gcrích.

## Léarscáil de Chontae na Gaillimhe



A Government of Ireland Initiative.
Tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann.

—

CreativeIrl
creativeirl
creativeireland

—

**creativeireland.gov.ie**

**Éire Ildánach**
*Ag spreagadh agus ag athrú daoine, áiteanna agus pobal tríd an gcruthaitheacht.*